

Dánta do Dhaltaí Naíonáin Bheaga

1. Gugalaí Gug

Gugalaí Gug, mo chircín dubh,
Suíonn sí síos is beireann sí ubh,
Ubh inné is ubh inniubh,
Gugalaí Gug, mo chircín dubh.

2. Coinín na Cásca

Sin coinín na cásca,
An coinín deas donn.
Tá ubh Chásca aige dom,
Le milseáin dheasa ann.

3. Uisce Glé

le Treasa Ní Ailpín

Uisce glé
Anuas ón spéir,
Anuas ar feadh
na hoíche aréir;

Anuas arís
Ar feadh an lae -
“Aimsir aoibhinn!”
Ars’ an ghé.

4. Bogha Báistí

Bhí bogha báistí sa ghairdín aréir,
Buí, dearg agus glas ó thalamh go spéir.
Gorm agus corcra ag lonradh go glé,
Níl sé ann inniu, cé go raibh sé ann inné.

Dánta do Dhaltaí Naíonáin Mhóra

1. Lá Fhéile Pádraig

Lá Fhéile Pádraig,
Seamróg ghlas,
Suaitheantais álainn,
Ribín deas.

Amharc Naomh Pádraig,
Sa pharáid,
Ceol is rince,
Ar an tsráid.

2. Crann

le Eamonn Ó Tuathail

Is crann láidir mé,
Mo chosa sa chré,
Mo ghéaga ag luascadh,
Go bríomhar sa ghaoth.

Na duilleoga glasa,
Ag rince go gasta,
Nach mé atá sásta,
Is crann láidir mé.

3. B'fhearr liomsa

le Eamonn Ó Ríordáin

Is maith le madra cnámh,
Is breá le moncaí cnó,
Tá dúil ag cat i mbainne,
Is taitníonn féar le bó.
Ta suim ag coinín i gcabáiste,
Tá bá ag luch le grán,
Tá cion ag asal ar chairéad,
Ach b'fhearr liom féin milseáin.

Dánta do Dhaltaí Naíonáin Mhóra

4. Bhí Méadhbh ag Caoineadh

le Seán Ó Cionnaith

**Bhí Méadhbh ag caoineadh,
Is ag déanamh olagóin,
Mar gur sciorr sí ar bhanana,
Agus ghortaigh sí a tóin.**

**Ach bhí Mamaí an-chineálta,
Is leigheas sí a brón,
le barra mór seacláide,
A thug sí di roimh lón.**

Dánta do Dhaltáí Rang 1 – Rang 2

1. An Ghaoth Aduaidh

An ghaoth aduaidh, bíonn sí crua,
Agus cuireann sí fuacht ar dhaoine.

An ghaoth aneas, bíonn sí tais,
Agus cuireann sí rath ar shíolta.

An ghaoth anoir, bíonn sí tirim,
Agus cuireann sí brait ar chaoirigh,

An ghaoth aniar, bíonn sí fial,
Agus cuireann sí iasc chun tíre.

2. Síolta

le Treasa Ní Ailpín

Bhí síolta beaga i bhfolach,
Istigh i gcroí an úill -
Síolta beaga donna
Síolta beaga crua.
Chuir mé síos sa chré iad
Go socair socair ciúin,
Is b'fhéidir, b'fhéidir, b'fhéidir
go bhfásfaidh crann beag úll.

Dánta do Dhaltaí Rang 1 – Rang 2

3. An Damhán Alla

le Donnchadha Mac Aogáin

Amach as poll san urlár
Gach oíche ar a hocht,
Éalaíonn créatúr cúthail,
An Damhán Alla nocht!

Níl léine, seaicéad ná bríste air,
Ach ní airsean atá an locht.
'Ní dhéantar brístí ochtchosacha',
Arsa an Damhán Alla bocht.

Cuimhnígí ar an scéilín seo
Gach maidin, luath moch,
Agus cuirigí oraibh bhur mbrístí,
Ná téigí ar scoil is sibh nocht!

4. Mo Thaisce

le Eamonn Ó Ríordáin

Tá muc againn sa bhaile,
Ach ní gnáthmhuc í.
Cónaíonn sí istigh sa teach,
Is ní ar chúl an tí.

Níl sí ramhar in aon chor,
Ach tá sí cuíosach trom,
Tá eireaball casta ar a cúl
Is scoilt bheag ar a droim.

Ní itheann sí gnáthrudaí,
Ach airgead is ór.
Is í mo bhanc taisce í,
Is í mo mhuc mo stór.

Dánta do Dhaltaí Rang 3 – Rang 4

1. Bó sa Chlós

le Art Ó Súilleabháin

Bhí bó sa chlós inné!
Léim sé thar an bhalla!
D’ith sé Seán Mac Aoidh,
Is d’fhág sé cnap sa halla!

Bhí na cailíní ag screadaíl!
Rith an máistir féin amach!
Bhí tarbh sa pháirc ag búiríl,
Ní raibh Seán le feiceáil, ach ...

Bhí a mhála ag an gheata,
Bhí a chóta beag sa chlós,
Agus rud éigin ar an mhata,
Is Seán ar iarraidh fós!

Bhí bó sa chlós inné,
Léim sé thar an bhalla!
Ach cá raibh Seán Mac Aoidh?
Bhí sé imithe abhaile!

2. Mo Scáth

le Daithí Ó Diolúin

Ritheann sé nuair a rithim,
Luíonn sé nuair a luím.
Ar an trá lá gréine,
Suíonn sé nuair a shuím.

Amuigh ag siúl san oíche,
Faoi sholas na gealaí,
Má dhéanaim iarracht breith air
Éalaíonn sé uaim – an draoi.

Dánta do Dhaltaí Rang 3 – Rang 4

3. Frog is Fiche

le Gabriel Rosenstock

**Frog
Fuar
Ag feitheamh -
I bhfolach i lár an fhéir
Le futa fata
futa fata
Na bhfroganna go léir.**

**Fuist!
Fuile faile!
Fuile faile fuile faí!
Féach! Tá fiche froigín
Á bhfolcadh féin faoin gcláí.**

**“An féidir liomsa folcadh libh?”
A dúirt an frog go faon,
Arsa fiche frog “Tá fáilte romhat!”
*Flup – flop – sin fiche a haon!***

Dánta do Dhaltáí Rang 3 – Rang 4

4. Mise Éire

le Pádraig Mac Piarais

Mise Éire:

Sine mé ná an Chailleach Bhéarra.

Mór mo ghlóir:

Mé do rug Cú Chulainn cróga.

Mór mo náir:

Mo chlann féin do dhíol a máthair.

Mór mo phian:

Bith-naimhde do mo shíorchiapadh.

Mór mo bhrón:

D'éag an dream inar chuireas dóchas.

Mise Éire:

Uaigní mé ná an Chailleach Bhéarra.

Dánta do Dhaltaí Rang 5 – Rang 6

1. Dathanna

le Patricia Forde

Is glas iad na cnoic atá i bhfad uainn,
Is gorm iad na tonnta i gcéin,
Nach buí iad na bláthanna sléibhe,
Nach bán iad an eala is an néal.

Is dearg í an tine agus fearg uirthi,
Is liath é an cat ina shuí,
Nach corcra é an bláth ar an bportach,
Nár bh iontach é an saol mar a bhí.

Is dubh í an oíche sa gheimhreadh,
Is geall iad na réaltaí sa spéir,
Nach órga é an solas sa samhradh,
Nach uaine mo chos insan fhéar.

Is donn iad mo shúile sa scáthán,
Is bán iad na fiacra i mo bhéal,
Nach deas le Dia na dathanna,
Cibé cén dath atá ort féin!

Dánta do Dhaltáí Rang 5 – Rang 6

2. An Canaerí

le Seán Mac Fheorais

Bhí éanadán ag Seán Ó Riain,
Is cheannaigh sé canaerí
Ó ghasúr deas a bhí ina rang,
Darbh ainm Tadhg Ó Laoghaire.

Bhí áthas mór ar Shéan Ó Riain,
Nuair a thug sé an t-éan abhaile,
Chuir sé é san éanadán
Is chroch é ar an mballa.

Fuair sé bosca beag den síol,
A itheann gach canaerí,
Is chuir sé méisín uisce isteach
Mar a chomhairligh Tadhg Ó Laoghaire.

B'ionadh leis nár chan an t-éan,
Mar a chanann gach canaerí;
Níor tháinig uaidh ach “sea, sea, sea.”
Is d'ith sé síol go craosach.

Nigh an t-éan é féin ansin,
Is rith an dath go léir de
Ní raibh san éan ach gealbhán donn,
Mí-ádh ar Thadhg Ó Laoghaire!

Dánta do Dhaltaí Rang 5 – Rang 6

3. Cill Aodáin

le Antaine Ó Raftaire

Anois teacht an earraigh, beidh 'n lá dul chun síneadh
'S tar éis na Féil' Bríde, ardóidh mé mo sheol,
Ó chuir mé 'mo cheann é ní stopfaidh mé choíche
Go seasfaidh mé thíos i lár Chontae Mhaigh Eo.
I gClár Chlainne Mhuiris bheas mé an chéad oíche,
'S i mBalla taobh thíos de 'sea thosós mé ag ól,
Go Coillte Mach rachad go ndéanfadh cuairt mhíosa ann
I bhfogas dhá míle do Bhéal an Átha Móir.

4. Mo Mhadra Leisciúil

le Daire Mac Phaidín

Tá madra beag agam sa bhaile,
Leisciúil is ainm di,
Ní maith léi siúl,
Ní maith léi rith,
Ní maith léi spórt ná spraoi.

Ní ritheann sí i ndiaidh cat,
Ní leanann sí gluaisteáin,
Ach itheann sí brioscaí,
os comhair an teilifíseáin,
Go dtí go mbíonn sí lán.

Bhain mé triail as gach aon rud,
Cnámha móra is moladh,
Ach ní maith léi siúl,
Ní maith léi rith,
Is fearr léi dul a chodladh.

Dánta do Dhaltaí Meánscoile

1 Valparaiso

le Pádraig de Brún

**Tháinig long ó Valparaiso,
Scaoileadh téad a seol sa chuan,
Chuir a hainm dom i gcuimhne
Ríocht na Gréine, Tír na mBua.**

**"Gluais,' ar sí, 'ar thuras fada,
Liom ó scamall is ó cheo,
Tá fé shleasaibh gorm Andes
Cathair scáfar, glé mar sheod."**

**Bhíos óg is ní imeoinnse,
Am an dóchais, tus mo shaoil,
Chreideas fós go raibh i ndán dom
Iontaisí na ndán 's na scéal.**

**Ghluais an long thar lintibh mara,
Fad ó shin is a crann mar ór,
Scríobh a scéal ar phár na hoíche,
Ard i rian na réaltan mór.**

**Fillfidh sí arís chugam áfach;
Chífead cathair bhán fén sléibh,
Le hais mara na síochána -
Creidim fós beagnach, a Dhé.**

Dánta do Pháistí Meánscoile

2. Fáinne Geal an Lae

Maidin moch do ghabhas amach,
Ar bhruacha Locha Léin.
An Samhradh teacht, 's an chraobh len' ais,
Is lonradh te ón ngréin
Ar thaistil dom trí bhailte poirt is bánta míne réidh,
Cé a gheobhainn le m'ais ach an chúileann deas,
Le fáinne geal an lae.

Ní raibh bróg ná stoca, caidhp ná clóc,
Ar mo stóirín óg ón spéir,
Ach folt fionn órga síos go troigh,
Ag fás go barr an fhéir.
Bhí calán crúite aici ina glaic,
'S ar dhrúcht ba dheas a scéimh
Do rug barr gean ar Bhéineas deas
Le fáinne geal an lae.

Do shuigh an bhrídeog síos le m'ais,
Ar bhinse glas den fhéar,
Ag magadh léi, bhíos dá maíomh go pras
Mar mhnaoi nach scarfainn léi.
'Sé dúirt sí liomsa, "imigh uaim,
Is scaoil ar siúl mé a réic."
Sin iad aneas na soilse ag teacht
Le fáinne geal an lae.

Dánta do Pháistí Meánscoile

3. Ár nÓige

le Máirtín Ó Díreáin

Má deirid leat do chairde
Gur siolla den ghaoth trí fhál,
An siolla a chloisir de ghnáth,
Ar bhóthar Bhaile an Chláir
Nó láimh le Rathún na gCnámh,
Ná géill feasta dá ráite:
'Sí ár n-óige í go dearfa
Ag éamh ar fud na háite.

Minic a d'fhill sí orm féin
Bhuaíl doras mo chuimhne
Is d'fhiafraigh go dian díom
Ar aithníos cé a bhí ann,
Ach ghabh cás is cian mé,
Is chuireas uaim siar í
Go bóthar Bhaile an Chláir
Is go Rathún na gCnámh.

Dánta do Dhaltaí Meánscoile

4. Labhrann Deirdre

le Maire Mhac an tSaoi

Ar bhruach na coille
Chonac ag dul tharam
An triúr laoch
Dob áille dealbh,
Is do lean mo chroí-se
An té dob fhearra,
Cé go rabhas-sa snaidhmthe
Le rímhac Neasa.

A Naois' mhic Uisnigh,
A réalt chatha,
Ba bheo do ghrua
Ná an fhuil sa tsneachta,
Mar sciath an fhéich
Bhí do chumhrfholt daite,
Is ceann Chonchúir
Féna ualach seaca.

I bpálás Eamhna
Tá tinte ar lasadh,
Is grianán scáileach
Romham tá ceaptha,
Is seanóir liath
Ann a d'fhanann
Ná luífead go brách
Len ais mar leannán.

Cá tairbhe domhsa
Staonadh feasta
Ó tú i ndán dom
Ulaidh a chreachadh?
Raghadsa, a ghrá,
Ag éalú leatsa,
Sara gcloífead le fear,
Is sine na m'athair

**A bhean sa chúinne
Éir' it sheasamh
Is gléas orm gúna
Den tsról dearg;
Le lásaí óir
Beidh mo bhróga ceangailte
Ag siúl lem' stór
Thar bhánta an earraigh dom.**